**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearála

*Trádmharc atá faoi cheist:* Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh i ndearg agus bán "Claro" – Trádmharc de chuid an Aontais Uimh. 16 172 934

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí cealaithe

*An cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 25 Lúnasa 2022 i gCás R 1674/2021-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 60(1)(a) arna léamh i gcomhar le hAirteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 60(1)(a) arna léamh i gcomhar le hAirteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 31 Deireadh Fómhair 2022 – Tavitova v EUIPO – Uccoar (AURUS)**

**(Cás T-662/22)**

(2023/C 7/46)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Zalina Tavitova (Batoulieh, an Liobáin) (ionadaí: V. Kojevnikov, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Uccoar (Carcassonne, an Fhrainc)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc atá faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh AURUS – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 205 163

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 25 Lúnasa 2022 i gCás R 2139/2021 – 5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a dheimhniú a mhéid a ceadaíodh clárú an trádmhairc Uimh. 18 205 163 i ndáil le deochanna neamh-mheisciúla seachas fíon neamh-mheisciúil leis;

— an cinneadh atá faoi chonspóid lena ndiúltaítear do chlárú an trádmhairc Uimh. 18 205 163 i ndáil leis na hearraí agus haicmí "beoracha" (Aicme 32) agus "vodca" (Aicme 33) a chur ar neamhní;

— an t-iarratas ar chlárú an trádmhairc Uimh. 18 205 163 i ndáil leis na haicmí agus na hearraí arna sonrú a cheadú;

— a rialú nach bhfuil bunús le hiarratais chontrártha na cuideachta Uccoar ná leis an ordú contrártha atá á lorg aici;

— a ordú don chosantóir na costais a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 31 Deireadh Fómhair 2022 – Mood Media Netherlands v EUIPO – Tailoradio (RADIO MOOD In-store Radio, made easy)**

**(Cás T-663/22)**

(2023/C 7/47)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Mood Media Netherlands BV (Naarden, an Ísiltír) (ionadaí: A.-M. Pecoraro, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Tailoradio Srl (Milano, an Iodáil)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "RADIO MOOD In-store Radio, made easy" in liath, in oráiste agus i mbán – Iarratas ar chlárú Uimh. 16 150 708

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 23 Lúnasa 2022 i gCás R 1853/2018-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---